Go raibh maith agat, a Charles.

Agus cuirimid fáilte freisin roimh Uachtarán nua Phoblacht na Cipire Nikos Christodoulides atá linn den chéad uair. Táimid go léir tiomanta d'athaontú do thíre faoi choimirce phlean na Náisiún Aontaithe. Is féidir leat brath ar an Aontas Eorpach agus ar ár ndlúthpháirtíocht.

Agus is í an dlúthpháirtíocht leis an Úcráin an rud a chaithfimid leanúint de bheith "á éileamh" - i dtéarmaí polaitiúla, eacnamaíocha, daonnúla agus míleata. Agus éireoidh sin níos deacra. Táthar ag éirí tuirse den chogadh agus tá bolscaireacht na Rúise ag dul i bhfeidhm ar dhaoine. Beidh sé níos deacra amach anseo leanúint de mhíniú a thabhairt ar cén fáth a bhfuil marthanas na hEorpa ag brath ar sheasamh leis an Úcráin. Ar cén fáth nach bhfuil praghas na saoirse ró-ard. Ach caithfimid a bheith buíoch, agus táimse buíoch, as an aontacht a léirítear timpeall an bhoird seo.

Ní mór dúinn leanúint de bheith ag smaoineamh ar na chéad chéimeanna eile. Caithfidh an tsíocháin a bheith ar an sprioc dheiridh i gcónaí agus tá an tAontas Eorpach in áit ar leith chun cabhrú leis sin - ach chun síocháin a bheith ann, caithfidh an Úcráin a bheith ann. Agus ní bheidh sí ann gan tacaíocht uainne.

Is léiriú ar uair chinniúnach é an comhaontú seachadta agus soláthair chomhpháirtigh armlóin - uair don diongbháilteacht agus don athléimneacht. Tá sé sin de dhíth ar an Úcráin. Tá sé sin de dhíth ar an Eoraip. Baineann sé sin le caomhnú na hÚcráine an méid céanna agus a bhaineann sé le caomhnú na hEorpa.

Trí an soláthar comhpháirteach a chur chun cinn, tá céim amháin eile á tabhairt againn i dtreo beartas Eorpach cosanta agus slándála níos dírithe. Is é an 'níos mó den Eoraip' atá de dhíth orainn arís.

Tá an Rúis buailte go dona ag na deich bpacáiste smachtbhannaí a chuir muid uirthi. Mar sin féin, ní mór dúinn aon lúb ar lár atá fágtha a dhúnadh - réimsí inár gcóras a ligeann do chomhghuaillithe Putin leanúint de thairbhe a bhaint as rochtain ar AE. Oibríonn smachtbhannaí, tá siad riachtanach agus comhréireach - ach ní mór iad a chur chun feidhme i gceart agus ní mór dúinn leanúint de dhul i rannpháirtíocht le tríú tíortha chun iad a thabhairt linn freisin.

Ní mór dúinn níos mó a dhéanamh freisin chun cosc a chur ar an staid dhaonnúil san Úcráin dul ó smacht níos mó - go háirithe i gcás na leanaí.

Tá leanaí á ndíbirt go neamhdhleathach agus tá daoine á n-aistriú go neamhdhleathach ó limistéir san Úcráin atá faoi fhorghabháil go dtí an Rúis. Tá thart ar 16 000 leanbh buailte ag an gcleachtas sin.

Ní mór pionós a ghearradh ar Putin agus ar a chomhchoirí ag gach leibhéal agus iad a thabhairt chun cuntais. Sin an fáth a gcuirimid fáilte roimh bharántais ghabhála na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. Is é an móiminteam seo an rud a gcaithfimid tógáil air, agus d'fhéadfadh sé a bheith ag teacht leis an ngá atá le Binse idirnáisiúnta speisialta a bhunú maidir le cóir an fhogha atá á déanamh i gcoinne na hÚcráine.

Mar Aontas Eorpach, is láidre a bhíonn muid nuair a ghlacaimid freagracht chomhpháirteach agus nuair a ghníomhaímid le chéile de réir mar atáimid ag déanamh anois.

Ba mhaith liom aird a tharraingt freisin ar an staid sa Mholdóiv. Tá míorúiltí á ndéanamh ag Maia Sandu chun a chinntiú go bhfanfaidh colúin an daonlathais ina seasamh. Tríd an bhfód a sheasamh go daingean i gcoinne iarrachtaí na Rúise an bonn a bhaint astu. Is é atá mé a iarraidh ná go leanfaimis de thacaíocht phraiticiúil, eacnamaíoch agus pholaitiúil a chur ar fáil mar a rinne muid roimhe seo.

Is amhlaidh atá i gcás na tacaíochta uainn d'fhórsaí daonlathacha sa tSeoirsia agus sa Bhealarúis. Agus ár dteachtaireacht dóibh siúd atá ag troid ar son na mban, na beatha agus na saoirse san Iaráin.

Tá clár oibre na Rúise soiléir. Is mian léi dul ar gcúl go dtí an compord bréagach a thagann as an domhan a scoilteadh ina faicsin agus iad in aghaidh a chéile. Caithfimid seasamh ina choinne sin.
Tá rathúnas a bheith san Eoraip agus feabhas a chur ar shaol shaoránaigh na hEorpa mar bhunchloch i dtógáil an Aontais Eorpaigh seo againne. Ná ligimis é seo as ár radharc! Go stairiúil, d'éirigh leis an Eoraip, arís agus arís eile, a bheith níos láidre i ndiaidh di aghaidh a thabhairt ar chora crua an tsaoil.

Tugann ár Margadh Aonair túsphointe do ghnólachtaí Eorpacha chun dul isteach i margaí domhanda. Tá geilleagair an Aontais Eorpaigh iomaíoch. Caithfidh siad leanúint de bheith mar sin. Mar mhargadh ina gcónaíonn 450 milliún duine, ní neart go cur le chéile.

Is féidir dé-aistriú an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, le tiomantas ár ndaoine, ach ní féidir mura gcruthaímid dálaí fabhracha don dé-aistriú sin. Ní mór dúinn a mhíniú go mbeidh an glasú chun tairbhe do dhaoine, dá ngnólachtaí agus dá dteaghlaigh.

Ná coinnítear an glasú dóibh siúd ar féidir leo íoc as gluaisteáin ghlasa costasacha agus as córais inslithe costasach atá tíosach ar fhuinneamh. Caithfimid gan deighilt shochaíoch a chruthú idir na daoine ar féidir leo agus iad siúd nach féidir leo glasú a dhéanamh toisc go bhfuil sé níos práinní dóibh anois greim a choinneáil faoin bhfiacail. Ná fágaimis aon duine ar lár.

Gan tacaíocht phoiblí, ní tharlóidh sé.

Chuige sin, caithfimid infheistíochtaí a diriú go beacht, agus cuspóirí soiléire agus táscairí feidhmíochta ag gabháil leo. Ní dhéanfaidh gnólachtaí infheistíocht san aistriú glas ach amháin más ann do chás gnó soiléir agus dreasachtaí soiléire. Ach spriocanna soiléire a bheith againn, is féidir linn an próiseas a stiúradh agus ár bhfaobhar iomaíoch a choinneáil.

Beidh an infheistíocht i gceannaireacht na hEorpa, i dteicneolaíochtaí straitéiseacha amhail fuinneamh gréine agus gaoithe, teaschaidéil, agus ceallraí chun tairbhe dúinn ar fad. Ní mór dúinn a bheith níos fearr agus rochtain níos éasca a thabhairt ar mhaoiniú atá ann cheana, agus níos lú maorlathais a bheith ann. Agus mar a dúirt mé cheana, is amhlaidh atá cothrom iomaíochta de dhíth orainn, ach ná rachaimid i mbun rás cosantaíoch.

Tá infheistíocht phríobháideach de dhíth orainn freisin, ionas go bhfanfaidh ár FBManna agus ár ngnólachtaí nuathionscanta san Eoraip. Tá sé ríthábhachtach Aontas na Margaí Caipitil a thabhairt chun críche. Tá sé ró-ilroinnte go fóill.

Tá Parlaimint na hEorpa tiomanta do bheith ag obair go héifeachtúil ar thograí don mhargadh leictreachais, ar an bPlean Tionsclaíoch Glas, ar an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, ar an Acht um Amhábhair Chriticiúla.

Is é an rud is tábhachtaí dúinn go léir ná intuarthacht reachtach. Más ann d'ábhair imní faoi thograí reachtacha, ní mór dúinn iad a chur in iúl lena chéile in am trátha chun teacht ar réitigh phragmatacha.

Tá ainmneacha Silicon Valley Bank agus Credit Suisse feicthe againn in go leor ceannlínte. Is athléimneach an earnáil baincéireachta atá againn sa limistéar euro. Le chéile, tá coimircí láidre curtha i bhfeidhm againn chun earnáil baincéireachta an Aontais a chosaint. Tá an Banc Ceannais Eorpach réidh chun idirghabháil a dhéanamh más gá ach, go dtí seo, is cosúil go bhfuil an tionchar ar an Aontas teoranta.

Mar sin féin, is tosaíocht i gcónaí é an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche chun tuilleadh cobhsaíochta airgeadais a áirithiú, sula mbeidh an chéad suaitheadh eile ann.

Maidir leis an imirce, déanfaidh Parlaimint na hEorpa a cion féin. Táimid réidh le vótáil an tseachtain seo chugainn ach iarraimid ort na comhaid dlúthpháirtíochta atá fágtha a chomhlíonadh. Is éard atá i gceist agam leis sin an rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce agus an rialachán maidir le géarchéim agus *force majeure*.

Sin an chaoi a n-éireoidh linn an chothromaíocht chriticiúil atá de dhíth orainn a bhaint amach do na saincheisteanna sin a chuirfidh ar ár gcumas: teorainneacha a chosaint, cosaint agus dínit a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil sí de dhíth orthu, iad siúd nach bhfuil incháilithe a fhilleadh go héifeachtúil agus samhail ghnó na ngáinneálaithe ar dhaoine a dhéanann brabús as na daoine is leochailí a bhriseadh.

Ní mór dúinn leanúint de bheith ag gníomhú ar bhonn aontaithe agus torthaí a bhaint amach maidir 'níos mó den Eoraip' sna háiteanna ina bhfuil tábhacht leis.

Ní hionann 'níos mó den Eoraip' agus gach duine a bheith mar a chéile. Táimid éagsúil ó chéile, agus bródúil as sin. Ní ceart an scéal seo faoin Eoraip atá ag iarraidh gach duine a dhéanamh mar an gcéanna. Is mór againn ár n-aontacht san éagsúlacht. Tuigimid go gcaithfimid mór a dhéanamh de rudaí móra agus beag a dhéanamh de rudaí beaga - agus ní mó aon rud dá bhfuil againn chun déileáil leis anois ná na saincheisteanna atá faoi chaibidil inniu.

Go raibh maith agaibh.